

AN CLÁR



| | |
|--|-----------|
| Réamhrá | 1 |
| Worked examples..... | 1 |
| Junior Certificate Irish – Summary of changes | 1 |
| Format of the examination | 2 |
| Aonad 1 — Cluastuiscint | 4 |
| Format of the Cluastuiscint..... | 4 |
| Question words | 5 |
| Common words and expressions | 8 |
| Five tips for An Scrúdú Cluastuisceana..... | 9 |
| Foclóir don chluastuiscint..... | 10 |
| Worked example | 15 |
| Obair duit féin: Sampla 1–3 | 18 |
| Aonad 2 — Léamhthuiscint Ceist 1–2 | 34 |
| Léamhthuiscint Ceist 1 – Meaitseáil | 34 |
| Ceist 1: Worked example..... | 37 |
| Obair duit féin: Sampla 1–6..... | 38 |
| Léamhthuiscint Ceist 2 – Fógraí | 44 |
| Ceist 2: Worked examples | 45 |
| Obair duit féin: Sampla 1–8..... | 48 |
| Aonad 3 — Léamhthuiscint Ceist 3: Na Sleachta | 56 |
| Format of Ceist 3..... | 56 |
| Ceist 3: Worked examples | 57 |
| Obair duit féin: Sampla 1–10..... | 59 |
| Aonad 4 — Ceapadóireacht – Ceisteanna 4–6 | 69 |
| Preparation..... | 69 |
| Nathanna úsáideacha: Your treasure chest..... | 69 |
| Ceist 4: Cárta poist..... | 72 |
| Ceist 4: Worked examples | 73 |
| Obair duit féin: Sampla 1–10..... | 77 |

| | |
|--|------------|
| Ceist 5: Teachtaireacht Ríomhphoist/Blag | 87 |
| Ceist 5: Worked examples | 88 |
| Obair duit féin: Sampla 1–4 | 91 |
| Ceist 6(a): An Litir | 95 |
| Ceist 6(a): Worked examples | 98 |
| Obair duit féin: Sampla 1–6 | 101 |
| Ceist 6(b): Alt/Cuntas | 107 |
| Ceist 6(b): Worked examples | 111 |
| Obair duit féin: Sampla 1–8 | 114 |
| Aonad 5 — An Bhéaltriall Roghnach (Optional)..... | 122 |
| Réamhrá..... | 122 |
| Format for the Irish Oral | 122 |
| Dáileadh na marcanna: Distribution of marks..... | 125 |
| Cuid 1: Fáiltiú | 129 |
| Cuid 2: Sraith pictiúr..... | 130 |
| Cuid 2: Worked examples..... | 131 |
| Obair duit féin: Sraith pictiúr 1–3..... | 134 |
| Cuid 3: Rólghlacadh | 137 |
| Cuid 3: Worked examples and Obair duit féin..... | 139 |
| Cuid 4: Agallamh | 151 |
| Ceisteanna coitianta: Common questions | 151 |
| Cuid 4: Ceisteanna agus freagraí samplacha..... | 154 |
| Aonad 6 — Freagraí | 159 |
| Aonad 1 – Cluastuisicint..... | 159 |
| Aonad 2 – Léamhthuisicint Ceist 1 agus 2 | 160 |
| Aonad 3 – Léamhthuisicint Ceist 3: Na Sleachta | 162 |
| Aonad 7 — Na Briathra..... | 165 |
| Réimniú na mbriathra | 165 |
| Na briathra neamhrialta..... | 168 |

Na sleachta – Sampla 5

Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

François Mitterand


Tá François Mitterand, iar-uachtarán na Fraince agus duine de mhórpholaiteoirí na hEorpa, tar éis bás a fháil.

Rugadh Mitterand in Jarnac in oirdheisceart na Fraince ar 26 Deireadh Fómhair 1916. Bhain sé céim amach sa dlí in Ollscoil Pháras sna tríochaidí. Chaith sé tréimhse le linn an chogaidh ag obair do rialtas Vichy, an rialtas a raibh tacaíocht na Gearmáine aige, cé nár labhair sé riamh faoin gcuid chonspóideach sin dá shaol go dtí le gairid.

Tar éis an chogaidh rinne sé tuilleadh dul chun cinn sa pholaitíocht, agus bhí sé ina aire ar ranna éagsúla rialtais deich nuair. Ghlac sé páirt i dtoghcháin uachtaránachta na Fraince ón mbliain 1965 i leith, ach níor éirigh leis an bua a fháil go dtí 1981. Thaispeáin sé tuiscint agus bá d'Éirinn i gcónaí.

Chaith sé dhá théarma mar uachtarán na Fraince, go dtí mí na Bealtaine 1995, cé go raibh ailse ag cur isteach air sna blianta deireanacha.

Bhí sé pósta le Danielle Gouze ar feadh breis is caoga bliain, agus bhí beirt mhac acu.



Gluais

tuilleadh: *more*

ailse: *cancer*

(i) Cé a fuair bás?

(ii) Cár rugadh François Mitterand?

(iii) Cathain a d'fhreastail sé ar Ollscoil Pháras?

(iv) Cad a rinne sé tar éis an chogaidh?

(v) Cé mhéad téarma a chaith sé mar uachtarán na Fraince?

(Check your answers on page 163)

Na sleachta – Sampla 6

Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

BEAN INA RÉITEOIR RUGBAÍ

Tá Bridget Gee ina cónaí sa Nua-Shéalainn. Ní raibh suim dá laghad aici uair amháin i gcúrsaí spóirt: b'fhearr léi leabhar a léamh ná dul chuig cluiche rugbaí, faoi mar a dhéanadh a cairde go léir, idir bhuachaillí agus chailíní.

Ach ansin, lá amháin trí bliana ó shin agus í ar cuairt i dteach a carad, bhí muintir an tí go léir ag féachaint ar chluiche rugbaí ar an teilifís. Bhí an fhoireann cháiliúil sin na All Blacks ag imirt an lá céanna. Níorbh iad na himreoirí, áfach, ba spéis le Bridget ach an réiteoir. Ní raibh a ghnó á dhéanamh i gceart aige sin, dar léi, agus bhí sí ar buile leis. 'Is fearr go mór a dhéanfainn féin an jab ná an t-amadán sin,' ar ise.

Ón lá sin amach bhíodh Bridget i láthair ag cluichí rugbaí níos minicí ná aon duine dá cairde. Ní hamháin sin ach rinne sí corpoideachas agus traenáil speisialta, agus

súil aici go mbeadh sí féin ina réiteoir lá éigin.

Anois agus í sé bliana is fiche d'aois, tá meas mór ar Bridget Gee ar fud na Nua-Shéalainne go léir mar réiteoir. Bíonn sí i gceannas go minic ar chluichí rugbaí faoi 20. Le déanaí iarradh uirthi a bheith mar réiteoir ag an gcluiche ceannais de chomórtas rugbaí na n-ollscoileanna sa Fhrainc.

Thar aon rud eile anois tá súil ag Bridget go dtiocfaidh an lá a mbeidh sí i gceannas ar cheann de chluichí móra Chomórtas na gCúig Náisiún i gCaerdydd na Breataine Bige. Ach ar dtús, dar le Bridget, caithfear roinnt de na rialacha atá ann anois a athrú: faoi láthair, mar shampla, níl cead ag bean ar bith a bheith i láthair ag an mbéile a bhíonn ag na himreoirí agus na hoifigigh tar éis cluiche mhóir!

Gluais

réiteoir: *referee*

Comórtas na gCúig Náisiún: *Five Nations Competition*

(i) Cad é an caitheamh aimsire a bhí ag Bridget Gee, de réir an chéad ailt den sliocht?

(ii) Cá raibh Bridget agus í ag féachaint ar na All Blacks ar an teilifís?

(iii) Cén fáth a raibh fearg uirthi agus í ag féachaint ar an teilifís an lá sin?

(iv) Cén t-athrú a tháinig ar shaol Bridget ón lá sin amach?

(v) Cá bhfios dúinn go bhfuil Bridget go maith mar réiteoir?

(Check your answers on page 163)

Na sleachta – Sampla 7


Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

Leonardo agus na héin

Péintéir iontach ba ea Leonardo da Vinci. Ní hamháin sin ach bhí sé oilte ar mhatamaitic, ar eolaíocht agus ar innealtóireacht chomh maith. Mhair sé san Iodáil sa chúigiú haois déag. Is beag duine i stair an domhain a bhí chomh cumasach leis.

Nuair a bhí sé fós óg rinne Leonardo péintéireacht do dhuine saibhir, agus tugadh dornán maith airgid dó mar luach saothair. Ghlaoigh sé ar chara leis láithreach, agus as go brách leo beirt chun an mhargaidh. Is ansin a chonaic sé rud a chuir fearg air: éin bheaga istigh



i gliabháin. Bhí na rudaí beaga go hainnis agus iad ag greadadh a sciathán ag iarraidh éalú. Fear mór láidir ba ea Leonardo — bhí sé in ann crú capaill a

lúbadh idir lámha féitheacha. Ach ba dhuine cneasta séimh é freisin, agus cion aige ar gach créatúr dar chruthaigh Dia. Mheas cara Leonardo go gceannódh sé milseáin nó torthaí leis an airgead, ach bhí dul amú air. Is é a cheannaigh sé ná oiread agus ab fhéidir leis de na héin bheaga. Thug sé leis iad suas go barr cnoic, d'oscail na cliabháin, agus lig saor na créatúir bhochta. Rinne Leonardo staidéar cruinn ina dhiaidh sin ar eitilt na n-éan, agus bhí sé cinnte go mbeadh an duine in ann eitilt lá éigin. B'shin cúig chéad bliain ó shin!

Gluais

oilte ar: *skilled in*

feitheach: *muscular*

(i) Luaitear trí ábhar scoile sa chéad alt. Ainmnigh *dhá cheann* díobh.

(ii) Cad a tháinig ar Leonardo nuair a chonaic sé na héin i dtosach?

(iii) Bhí Leonardo an-láidir. Cad tá sa sliocht faoi sin?

(iv) Céard a rinne sé leis na héin ag barr an cnoic?

(v) Cheap Leonardo go mbeadh an duine in ann rud iontach a dhéanamh lá éigin. Cén rud é sin?

(Check your answers on page 163)

Na sleachta – Sampla 8

Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)



i'm lovin' it®

**BIG MAC – ACH
BEAGMHEAS**

Ní bheidh fáilte uilíoch roimh an Big Mac san India. Is masla í samhail seo na nua-aoise don tromlach Hiondúch ann mar gur ainmí beannaithe í an bhó dóibh.

Mar sin féin, thug an rialtas cead don chomhlacht McDonald's bialann a oscailt in Delhi, beag beann ar an gcreideamh Hiondúch. Dar le bunreacht na hIndia is tír iolraíoch neamhchléireach í. Deir lucht cáinte an bhunreacht go bhfuil páirtí an rialtais ag iarraidh vótaí an mhionlaigh Ioslamaigh a mhealladh. Tá agóidí móra ar na sráideanna á bpleanáil ag an bhfreasúra má bheartaíonn muintir McDonald's ar an mbialann a oscailt. Tá fadhb eile fós in Delhi mar thoradh ar gheis seo na Hiondúch. Tá bóithre na príomhchathrach beo le beithígh agus toirmeasc ar dhaoine an ruaig a chur orthu. Luíonn siad amuigh ar na príomhbhóithre, agus is cúis mhór timpistí iad. Itheann siad torthaí agus glasraí ó na stáiníní, ach tá drogall ar na díoltóirí sráide iad a dhíbirt.

Déantar iarracht ar na beithígh a locadh i ndeireadh na hoíche agus iad a athlonnú taobh amuigh den chathair. Is iondúil, áfach, go n-éiríonn leo a mbealach a dhéanamh ar ais.

Gluais

uilíoch: *universal*
beagmheas: *little respect*
tromlach: *majority*

geis: *taboo*
toirmeasc: *prohibition*

(i) Cén áit nach mbeidh fáilte ann roimh bhialann McDonald's?

(ii) Cén cead a thug an rialtas do mhuintir McDonald's?

(iii) Cén t-ainmí atá beannaithe dar leis an tromlach Hiondúch?

(iv) Cad a dhéanfaidh an freasúra má bheartaíonn muintir McDonald's ar an mbialann a oscailt?

(v) Cén fhadhb eile atá acu in Delhi?

(Check your answers on page 164)

Na sleachta – Sampla 9

Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

BRAM STOKER, 'ATHAIR DRACULA'

I mBaile Átha Cliath i ndeireadh an chéid seo caite bhíodh fear ag siúl na sráideanna go déanach san oíche. Fear mór ard a bhí ann, clóca dorchá ar a ghuaillí agus hata leathan dubh ar a cheann. Bhí daoine ag ceapadh gur ghealt a bhí san fhear mór ard seo, nó dúnmharfóir nó gadaí, b'fhéidir, a raibh smaoineamh dorchá éigin ar a aigne aige.

Ach ní raibh an ceart ag aon duine acu. Abraham (Bram) Stoker ab ainm don fhear mór ard seo, agus údar ba ea é. Bhí sé ag smaoineamh ar leabhar nua a scríobh: *Dracula*.

Ach cad a chuir scéal *Dracula* i gcloigeann Bram Stoker i dtosach? Bhí daoine á rá gur ith sé portán agus gur tháinig tromluí air. Ach ba é an rud a tharla ná gur tháinig fear ait chun dinnéir chuige oíche amháin sa bhliain 1890. An tOllamh Vanberry ab ainm dó. Ungárach ba ea é. Bhí fiche teanga ar eolas ag Vanberry, agus bhí scéalta uafásacha aige faoi dhaoine

nach bhfuair bás riamh ach a d'fhan beo ar fhuil daoine eile.

Níor mhair Bram chun an chlú a bhain *Dracula* amach a fheiceáil; ach bhí an-tóir ar an dráma a rinneadh as níos déanaí. Bhíodh ar na hamharclanna banaltraí a chur ar fáil nuair a bhíodh *Dracula* á léiriú mar bhíodh an oiread daoine ag titim i lagar i rith an dráma. Agus ó shin i leith tá na milliúin duine á scanrú ag Bram Stoker, an buachaill scáfar úd as Cluain Tarbh i mBaile Átha Cliath, nó ag an vaimpir bhradach a chruthaigh sé, *Dracula*.



As Zozimus agus a Chairde le Vivian Uíbh Eachach.

Gluais

gealt: *a person who is insane*
tromluí: *nightmare*

Ungárach: *Hungarian*

- (i) Cén uair a bhíodh an 'fear mór ard' seo ag siúl na sráideanna?
-
- (ii) Cén chaoi a raibh an fear mór seo gléasta?
-
- (iii) Cad a bhí i gceist ag Bram Stoker a dhéanamh ag an am sin?
-
- (iv) Cad a chuir scéal *Dracula* i gcloigeann Bram Stoker, an dóigh leat?
-
- (v) Cén fáth ar chuir na hamharclanna banaltraí ar fáil nuair a bhíodh *Dracula* á léiriú acu?
-

(Check your answers on page 164)

Na sleachta – Sampla 5

Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

François Mitterand


Tá François Mitterand, iar-uachtarán na Fraince agus duine de mhórpholaiteoirí na hEorpa, tar éis bás a fháil.

Rugadh Mitterand in Jarnac in oirdheisceart na Fraince ar 26 Deireadh Fómhair 1916. Bhain sé céim amach sa dlí in Ollscoil Pháras sna tríochaidí. Chaith sé tréimhse le linn an chogaidh ag obair do rialtas Vichy, an rialtas a raibh tacaíocht na Gearmáine aige, cé nár labhair sé riamh faoin gcuid chonspóideach sin dá shaol go dtí le gairid.

Tar éis an chogaidh rinne sé tuilleadh dul chun cinn sa pholaitíocht, agus bhí sé ina aire ar ranna éagsúla rialtais deich nuair. Ghlac sé páirt i dtoghcháin uachtaránachta na Fraince ón mbliain 1965 i leith, ach níor éirigh leis an bua a fháil go dtí 1981. Thaispeáin sé tuiscint agus bá d'Éirinn i gcónaí.

Chaith sé dhá théarma mar uachtarán na Fraince, go dtí mí na Bealtaine 1995, cé go raibh ailse ag cur isteach air sna blianta deireanacha.

Bhí sé pósta le Danielle Gouze ar feadh breis is caoga bliain, agus bhí beirt mhac acu.



Gluais

tuilleadh: *more*

ailse: *cancer*

(i) Cé a fuair bás?

(ii) Cár rugadh François Mitterand?

(iii) Cathain a d'fhreastail sé ar Ollscoil Pháras?

(iv) Cad a rinne sé tar éis an chogaidh?

(v) Cé mhéad téarma a chaith sé mar uachtarán na Fraince?

(Check your answers on page 163)

Na sleachta – Sampla 6

Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

BEAN INA RÉITEOIR RUGBAÍ

Tá Bridget Gee ina cónaí sa Nua-Shéalainn. Ní raibh suim dá laghad aici uair amháin i gcúrsaí spóirt: b'fhearr léi leabhar a léamh ná dul chuig cluiche rugbaí, faoi mar a dhéanadh a cairde go léir, idir bhuachaillí agus chailíní.

Ach ansin, lá amháin trí bliana ó shin agus í ar cuairt i dteach a carad, bhí muintir an tí go léir ag féachaint ar chluiche rugbaí ar an teilifís. Bhí an fhoireann cháiliúil sin na All Blacks ag imirt an lá céanna. Níorbh iad na himreoirí, áfach, ba spéis le Bridget ach an réiteoir. Ní raibh a ghnó á dhéanamh i gceart aige sin, dar léi, agus bhí sí ar buile leis. 'Is fearr go mór a dhéanfainn féin an jab ná an t-amadán sin,' ar ise.

Ón lá sin amach bhíodh Bridget i láthair ag cluichí rugbaí níos minicí ná aon duine dá cairde. Ní hamháin sin ach rinne sí corpoideachas agus traenáil speisialta, agus

súil aici go mbeadh sí féin ina réiteoir lá éigin.

Anois agus í sé bliana is fiche d'aois, tá meas mór ar Bridget Gee ar fud na Nua-Shéalainne go léir mar réiteoir. Bíonn sí i gceannas go minic ar chluichí rugbaí faoi 20. Le déanaí iarradh uirthi a bheith mar réiteoir ag an gcluiche ceannais de chomórtas rugbaí na n-ollscoileanna sa Fhrainc.

Thar aon rud eile anois tá súil ag Bridget go dtiocfaidh an lá a mbeidh sí i gceannas ar cheann de chluichí móra Chomórtas na gCúig Náisiún i gCaerdydd na Breataine Bige. Ach ar dtús, dar le Bridget, caithfear roinnt de na rialacha atá ann anois a athrú: faoi láthair, mar shampla, níl cead ag bean ar bith a bheith i láthair ag an mbéile a bhíonn ag na himreoirí agus na hoifigigh tar éis cluiche mhóir!

Gluais

réiteoir: *referee*

Comórtas na gCúig Náisiún: *Five Nations Competition*

(i) Cad é an caitheamh aimsire a bhí ag Bridget Gee, de réir an chéad ailt den sliocht?

(ii) Cá raibh Bridget agus í ag féachaint ar na All Blacks ar an teilifís?

(iii) Cén fáth a raibh fearg uirthi agus í ag féachaint ar an teilifís an lá sin?

(iv) Cén t-athrú a tháinig ar shaol Bridget ón lá sin amach?

(v) Cá bhfios dúinn go bhfuil Bridget go maith mar réiteoir?

(Check your answers on page 163)

Na sleachta – Sampla 7


Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

Leonardo agus na héin

Péintéir iontach ba ea Leonardo da Vinci. Ní hamháin sin ach bhí sé oilte ar mhatamaitic, ar eolaíocht agus ar innealtóireacht chomh maith. Mhair sé san Iodáil sa chúigiú haois déag. Is beag duine i stair an domhain a bhí chomh cumasach leis.

Nuair a bhí sé fós óg rinne Leonardo péintéireacht do dhuine saibhir, agus tugadh dornán maith airgid dó mar luach saothair. Ghlaoigh sé ar chara leis láithreach, agus as go brách leo beirt chun an mhargaidh. Is ansin a chonaic sé rud a chuir fearg air: éin bheaga istigh



i gliabháin. Bhí na rudaí beaga go hainnis agus iad ag greadadh a sciathán ag iarraidh éalú. Fear mór láidir ba ea Leonardo — bhí sé in ann crú capaill a

lúbadh idir lámha féitheacha. Ach ba dhuine cneasta séimh é freisin, agus cion aige ar gach créatúr dar chruthaigh Dia. Mheas cara Leonardo go gceannódh sé milseáin nó torthaí leis an airgead, ach bhí dul amú air. Is é a cheannaigh sé ná oiread agus ab fhéidir leis de na héin bheaga. Thug sé leis iad suas go barr cnoic, d'oscail na cliabháin, agus lig saor na créatúir bhochta. Rinne Leonardo staidéar cruinn ina dhiaidh sin ar eitilt na n-éan, agus bhí sé cinnte go mbeadh an duine in ann eitilt lá éigin. B'shin cúig chéad bliain ó shin!

Gluais

oilte ar: *skilled in*

feitheach: *muscular*

(i) Luaitear trí ábhar scoile sa chéad alt. Ainmnigh *dhá cheann* díobh.

(ii) Cad a tháinig ar Leonardo nuair a chonaic sé na héin i dtosach?

(iii) Bhí Leonardo an-láidir. Cad tá sa sliocht faoi sin?

(iv) Céard a rinne sé leis na héin ag barr an cnoic?

(v) Cheap Leonardo go mbeadh an duine in ann rud iontach a dhéanamh lá éigin. Cén rud é sin?

(Check your answers on page 163)

Na sleachta – Sampla 8

Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)



i'm lovin' it®

**BIG MAC – ACH
BEAGMHEAS**

Ní bheidh fáilte uilíoch roimh an Big Mac san India. Is masla í samhail seo na nua-aoise don tromlach Hiondúch ann mar gur ainmí beannaithe í an bhó dóibh.

Mar sin féin, thug an rialtas cead don chomhlacht McDonald's bialann a oscailt in Delhi, beag beann ar an gcreideamh Hiondúch. Dar le bunreacht na hIndia is tír iolraíoch neamhchléireach í. Deir lucht cáinte an bhunreacht go bhfuil páirtí an rialtais ag iarraidh vótaí an mhionlaigh Ioslamaigh a mhealladh. Tá agóidí móra ar na sráideanna á bpleanáil ag an bhfreasúra má bheartaíonn muintir McDonald's ar an mbialann a oscailt. Tá fadhb eile fós in Delhi mar thoradh ar gheis seo na Hiondúch. Tá bóithre na príomhchathrach beo le beithígh agus toirmeasc ar dhaoine an ruaig a chur orthu. Luíonn siad amuigh ar na príomhbhóithre, agus is cúis mhór timpistí iad. Itheann siad torthaí agus glasraí ó na stáiníní, ach tá drogall ar na díoltóirí sráide iad a dhíbirt.

Déantar iarracht ar na beithígh a locadh i ndeireadh na hoíche agus iad a athlonnú taobh amuigh den chathair. Is iondúil, áfach, go n-éiríonn leo a mbealach a dhéanamh ar ais.

Gluais

uilíoch: *universal*
beagmheas: *little respect*
tromlach: *majority*

geis: *taboo*
toirmeasc: *prohibition*

- (i) Cén áit nach mbeidh fáilte ann roimh bhialann McDonald's?
-
- (ii) Cén cead a thug an rialtas do mhuintir McDonald's?
-
- (iii) Cén t-ainmí atá beannaithe dar leis an tromlach Hiondúch?
-
- (iv) Cad a dhéanfaidh an freasúra má bheartaíonn muintir McDonald's ar an mbialann a oscailt?
-
- (v) Cén fhadhb eile atá acu in Delhi?
-

(Check your answers on page 164)

Na sleachta – Sampla 9

Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

BRAM STOKER, 'ATHAIR DRACULA'

I mBaile Átha Cliath i ndeireadh an chéid seo caithe bhíodh fear ag siúl na sráideanna go déanach san oíche. Fear mór ard a bhí ann, clóca dorchá ar a ghuaillí agus hata leathan dubh ar a cheann. Bhí daoine ag ceapadh gur ghealt a bhí san fhear mór ard seo, nó dúnmharfóir nó gadaí, b'fhéidir, a raibh smaoineamh dorchá éigin ar a aigne aige.

Ach ní raibh an ceart ag aon duine acu. Abraham (Bram) Stoker ab ainm don fhear mór ard seo, agus údar ba ea é. Bhí sé ag smaoineamh ar leabhar nua a scríobh: *Dracula*.

Ach cad a chuir scéal *Dracula* i gcloigeann Bram Stoker i dtosach? Bhí daoine á rá gur ith sé portán agus gur tháinig tromluí air. Ach ba é an rud a tharla ná gur tháinig fear ait chun dinnéir chuige oíche amháin sa bhliain 1890. An tOllamh Vanberry ab ainm dó. Ungárach ba ea é. Bhí fiche teanga ar eolas ag Vanberry, agus bhí scéalta uafásacha aige faoi dhaoine

nach bhfuair bás riamh ach a d'fhan beo ar fhuil daoine eile.

Níor mhair Bram chun an chlú a bhain *Dracula* amach a fheiceáil; ach bhí an-tóir ar an dráma a rinneadh as níos déanaí. Bhíodh ar na hamharclanna banaltraí a chur ar fáil nuair a bhíodh *Dracula* á léiriú mar bhíodh an oiread daoine ag titim i lagar i rith an dráma. Agus ó shin i leith tá na milliúin duine á scanrú ag Bram Stoker, an buachaill scáfar úd as Cluain Tarbh i mBaile Átha Cliath, nó ag an vaimpir bhradach a chruthaigh sé, *Dracula*.



As Zozimus agus a Chairde le Vivian Uíbh Eachach.

Gluais

gealt: *a person who is insane*
tromluí: *nightmare*

Ungárach: *Hungarian*

- (i) Cén uair a bhíodh an 'fear mór ard' seo ag siúl na sráideanna?
-
- (ii) Cén chaoi a raibh an fear mór seo gléasta?
-
- (iii) Cad a bhí i gceist ag Bram Stoker a dhéanamh ag an am sin?
-
- (iv) Cad a chuir scéal *Dracula* i gcloigeann Bram Stoker, an dóigh leat?
-
- (v) Cén fáth ar chuir na hamharclanna banaltraí ar fáil nuair a bhíodh *Dracula* á léiriú acu?
-

(Check your answers on page 164)